TAPAIGH AN DEIS

An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

an tAontas Eorpach

TAPAIGH AN DEIS

An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

Slí duitse an beartas Eorpach a mhúnlú

Is deis atá sa Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas daonlathach Eorpach le gur féidir leat dul i gcion ar bheartais an Aontais a mbíonn tionchar acu ar do shaol.

Is tionscnamh é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh nach bhfuil a mhacasamhail le fáil. Is é an chéad uirlis é a ligeann do shaoránaigh as Ballstáit éagsúla teacht le chéile chun athruithe praiticiúla dlí a mholadh i gcomhar le chéile. Is féidir leat, mar shaoránach den Aontas Eorpach, grúpa a bhunú chun tionscnamh nua a sheoladh nó tacú le tionscnamh atá ann cheana féin.

Chun tionscnamh a sheoladh, teastaíonn **7 saoránach den Aontas**, a bhfuil cónaí orthu i **7 mBallstát éagsúla** ar a laghad agus atá sean go leor chun vóta a chaitheamh. Nuair a bheidh **1 mhilliún síniú** bailithe ag eagraithe an tionscadail, ní mór don Choimisiún cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh sé beart nó nach ndéanfaidh.

Is féidir tionscnamh ó na saoránaigh a eagrú in aon réimse ina bhfuil an chumhacht ag an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht a mholadh, mar shampla an comhshaol, cosaint do thomhaltóirí, talmhaíocht, iascaireacht, fuinneamh, iompar nó trádáil.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, nó chun liosta na dtionscnamh ar féidir tacú leo faoi láthair a fheiceáil, téigh chuig:

ec.europa.eu/citizens-initiative/

#EUTakeTheInitiative

© An tAontas Eorpach, 2022
Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil. Déantar beartas atáirgthe dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Print: KA-07-22-774-GA-C
PDF: KA-07-22-774-GA-N